

AN GHNÍOMHAIREACHT FORBARTHA
DON MHOL DIGITEACH

PLEAN STRAITÉISEACH



2026 – 2028

THE DIGITAL HUB




# RÉAMHRÁ

Fáilte go Plean Straitéiseach na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA) 2026-2028.

Is tréimhse athruithe í seo dúinn agus díscaoileadh na gníomhaireachta á phleanáil againn. Is tréimhse spreagúil, dhinimiciúil í freisin agus sinne ag féachaint ar dheiseanna nua dár gcampas agus dár ngnó i gcroílár na Saoirsí i mBaile Átha Cliath.

Is straitéis idirthréimhseach í ár straitéis, a forbraíodh chun ár n-aistear ar aghaidh a threorú agus sinne ag iarraidh aistriú ó bheith inár ngníomhaireacht stáit go heintiteas dlíthiúil neamhspleách nua faoi choimirce Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBhÁC)

Forbraíodh go cúramach é i gcomhairle lenár mBord agus lenár bhfoireann, leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún.

Sa bhliain 2021, chinn an Rialtas an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a dhíscaoileadh agus a campas a aistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun tithíocht inacmhainne agus sóisialta a fhorbairt.

Ó shin i leith, táimid ag obair go dlúth leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún ar a gcuid pleananna tithe nua a bhfuil géarghá leo a sheachadadh. Faoi mháistirphlean Chrosaire Chrann Piorraí na Gníomhaireachta Forbartha Talún, fanfaidh foirgnimh an Mhoil Dhigitigh atá in úsáid mar atá siad agus tithíocht nua ardchaighdeáin á forbairt i gcodanna eile den champas.

Leis an gcur chuige seo is féidir a chinntiú go mbeidh foirgnimh fiontraíochta, ilúsáide agus pobail ar fáil taobh le tithe nuafhorbartha i gcuid den chathair a bhainfidh leas as athbheochan. Féadann sé forbairt ceathrú cathrach rathúil, inbhuanaithe a threorú freisin inar féidir le cónaitheoirí maireachtáil agus oibriú taobh leis an bpobal atá ann cheana féin.

Tá an fhís seo roinnte ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach agus CCBhÁC, agus táimid le chéile ag iarraidh obair na Gníomhaireachta Forbartha Talún a chomhlánú trí athbheochan ar chodanna breise de cheantar Bhaile Átha Cliath 8 a threorú le chéile.

Mar is eol don phobal ag an bpointe seo, táimid i mbun pléite leanúnacha ar ról forbartha a bheidh ag an nGníomhaireacht amach anseo mar eintiteas neamhspleách a oibríonn faoi choimirce CCBhÁC.

Tá sé mar phríomhchuspóir againn an t-aistriú seo a bhaint amach i gcaitheamh na dtrí bliana atá romhainn agus tá sé ríthábhachtach chun obair oidhreachta an Mhoil Dhigitigh agus infheistíocht stáit €43m ó 2003 a chosaint.

Leis an mbeart atá i gceist, dhéanfaí an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a dhíscaoileadh mar a cheanglaíonn an Rialtas agus ag an am céanna chuirfí ar ár gcumas ár mbraisle fiontar agus ár gcláir phobail atá ann cheana a choinneáil agus a chur chun cinn faoi eintiteas dlíthiúil neamhspleách.

Ina theannta sin chuirfeadh sé ar ár gcumas leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt champas an Mhoil Dhigitigh agus an phobail i gcoitinne amach anseo i gcomhpháirtíocht le CCBhÁC agus an Ghníomhaireacht Forbartha Talún, ag baint leasa as ár bhfoireann oilte, foireann a bhfuil taithí fhairsing acu ar fhorbairt fiontair, bainistíocht réadmhaoine, athbheochan uirbeach agus for-rochtain phobail.

Creidimid gur toradh dearfach, éifeachtach do chách atá rannpháirteach a bheadh ann, go háirithe ós rud é go bhfuil sé á mholadh ag am a bhfuil an Mol Digiteach ag feidhmiú ag a lánacmhainneacht nach mór.

I measc ár mball reatha tá cuideachtaí teicneolaíochta seanbhunaithe agus iad siúd atá ag teacht chun cinn, eagraíochtaí cruthaitheacha agus fiontair shóisialta.

Tá a mballraíocht tábhachtach againn agus oibrímid leo an t-am ar fad chun deiseanna a chruthú dóibh chun idirghníomhú lena gcomhghleacaithe, foghlaim uathu agus inspioráid a fháil uathu.

Tá an rogha ag ár mbaill spás a fháil ar cíos in áit eile, ach roghnaigh siad An Mol Digiteach mar gheall ar an gcultúr oibre a chuirimid ar fáil, an tuiscint atá againn ar a gcuid riachtanas agus a ngrá dár suíomh ar leith i bpobal iontach i gceantar stairiúil den chathair.

Le blianta beaga anuas, tá leathnú suntasach déanta againn ar ár gcláir foghlama digití agus ar ár gcuid oibre rannpháirtíochta pobail, agus sinne i gcónaí ag iarraidh fiosracht a spreagadh agus scileanna don 21ú haois a thógáil i measc gach aoisghrúpa.

Is mar thoradh díreach ar obair chrua ár bhfoirne díograisí, ar thacaíocht ó chomhaltaí ár mBoird agus ar chomhoibriú ár bpáirtithe leasmhara le 23 bliain anuas atá rath orainn go dtí seo.

Le linn an ama seo, tá dea-theist cruthaithe againn d'éachtaí atá bainte amach againn, rud a léiríonn an ról luachmhar atá de phribhléid ag an nGníomhaireacht a chomhlíonadh agus is féidir léi a chomhlíonadh amach anseo sna Saoirsí, Baile Átha Cliath 8 agus sa chathair i gcoitinne.

Is é ár misean ag an bpointe seo leanúint de leibhéil gníomhaíochta eacnamaíoch níos mó a mhealladh isteach i mBaile Átha Cliath 8 agus tacú le háiseanna sóisialta agus cultúrtha a chuireann le folláine an phobail áitiúil.

Bainfimid é seo amach agus sinne tiomanta i gcónaí dár luachanna, is é sin, cothroime, meas, cuimsiú, muinín agus ionracas.

Agus sinne ag obair i ndlúthchomhpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara, geallann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach leanúint de Bhaile Átha Cliath 8 a bhunú mar mhúnla d’athbheochan uirbeach inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de.



**Darina Kneafsey**
Cathaoirleach



**Fiach Mac Conghail**
POF

## COMHALTAÍ AN BHOIRD

Darina Kneafsey, Cathaoirleach

Austin Campbell

Stephen Casey

Brian Keogh

Fiach Mac Conghail

Darach O’Connor

# FÍS


Faoi dheireadh 2028, beidh forbairt foirgnimh tréigthe na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún faighte againn, agus beidh an bhraisle fiontair, na cláir phobail, na foirgnimh ghníomhacha agus an tacar sainscileanna foirne ullmhaithe againn chun go mbeidh siad réidh le haistriú mar eintiteas dlíthiúil ar leith chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Réiteoidh sé seo an bealach don Mhol Digiteach le bheith i gcroílár ceathrú cathrach comhtháite, inbhuanaithe.

# MISEAN

Tá an Mol Digiteach ann chun méadú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch a mhealladh go Baile Átha Cliath 8, mar aon le háiseanna sóisialta agus cultúrtha a chuireann le folláine an phobail áitiúil.

# LUACHANNA

Táimid tiomanta do chothroime, meas, cuimsiú, muinín agus ionracas agus do thionchar dearfach a imirt ar ár bpobal áitiúil.





1

**1.** Tacú leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún i dtaobh beartas an Rialtais maidir le soláthar tithíochta ar champas an Mhoil Dhigitigh agus timpeall air a chur i bhfeidhm.

1.1 Páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre rialta na Gníomhaireachta Forbartha Talún.

1.2 Tacú leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún tríd an bpróiseas pleanála chun máistirphlean Chrosaire Chrann Piorraí a chur i gcrích.

1.3 Comhfhorbairt áite a chur chun cinn agus a spreagadh agus straitéisí a úsáid idir an dá linn.

1.4 Gníomhú mar idirbheartaí macánta idir pobal na Saoirsí agus an Ghníomhaireacht Forbartha Talún.

1.5 Aistrithe maoine agus talún chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún a chur i gcrích go héifeachtach.

# CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Thar thréimhse na straitéise seo, saothróidh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, gan aon ord tosaíochta, cúig chuspóir straitéiseacha.

2

## 2. Ár bhfoirgnimh a chothabháil agus a fheabhsú chun a bhfeidhmíocht tháirgiúil maidir leis an gcomhshaol a uasmhéadú agus chun cosc a chur ar thuilleadh dearóilithe.

2.1 I gcomhréir lenár straitéis inbhuanaitheachta, lorg carbóin ár bhfoirgneamh uile atá faoi áitíocht a laghdú.

2.2 A chinntiú go gcomhlíonann ár bhfoirgnimh uile na ceanglais sláinte agus sábháilteachta.

2.3 A chinntiú go bhfuil rochtain ar ár bhfoirgnimh uile atá faoi áitíocht.

2.4 Plean infheistíochta caipitil straitéisí a fhorbairt chun acmhainneacht ár bhfoirgneamh a uasmhéadú chun leasa na gcuideachtaí ar ár gcampas agus an phobail áitiúil.

2.5 Úsáid fhiúntach a bhaint as foirgnimh nach bhfuil faoi áitíocht nuair is féidir.

2.6 Urlár talún Thúr Phádraig a oscailt mar spás do ghníomhaíochtaí pobail agus cultúrtha.

2.7 Ár gcumas bainistíochta sócmhainní a chur chun cinn d'fhonn tacú leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún agus le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

2.8 Saghsanna éagsúla cistithe agus maoinithe phoiblí agus phríobháidigh a lorg dár dtionscadail.

3

## 3. An bhraisle fiontair a fhorbairt agus tacú léi agus díriú níos mó agus níos mó ar nuálaíocht, cruthaitheacht agus teicneolaíocht ar mhaithe le leas.

3.1 Sinergí agus deiseanna comhoibrithe a fhorbairt le Rannóg Forbartha Eacnamaíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

3.2 Deiseanna a uasmhéadú dár gcuideachtaí i réimsí fáis, comhoibrithe, líonraithe agus inbhuanaitheachta.

3.3 Baile Átha Cliath 8 a bhunú mar phríomhléiritheoir straitéiseach do shláinte agus folláine an daonra, ag mealladh maoinithe agus nuálaíochta go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

3.4 Tuilleadh comhtháthaithe a dhéanamh san éiceachóras acadúil, taighde agus nuálaíochta chun leasa ár bpobal agus ár gcuideachtaí.

3.5 Spás nuálaíochta atá faoi bhainistíocht phobail a thabhairt isteach.

3.6 Comhpháirtithe maoinithe éagsúla san earnáil phríobháideach a lorg.

3.7 Tionchair dhearfacha eacnamaíocha a spreagadh trí thacú le bailíochtú margaidh do tháirgí agus seirbhísí digiteacha nuálacha.

3.8 Cuideachtaí cliant a mhealladh atá ag obair ar réitigh do dhúshláin mhóra shochaíocha.

3.9 Socruithe 'nasctha' a bhunú le moil chomhchosúla ar fud an Aontais.

5

**4.** Réimse clár pobail atá dírithe ar an tsláinte, folláine agus inbhuanaitheacht a fhorbairt agus tacú leo.

4.1 Anailís ar bhearnaí a dhéanamh mar bhonn eolais maidir leis an gcaoi is fearr is féidir linn tacú lenár bpobal áitiúil.

4.2 Ár spásanna agus ár saoráidí a chur ar fáil don phobal áitiúil chun tacú le saol sóisialta, folláine agus cultúrtha D8.

4.3 Tionscnaimh a fhorbairt chun an pobal áitiúil a chur i dteagmháil le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus le treochtaí domhanda.

4.4 Éagsúlacht, stair agus gnéithe nua-aimseartha na Saoirsí a chur chun cinn.

4.5 Uirlisí tomhais a fhorbairt do thionchar ár rannpháirtíochta sa phobal.

**5.** Comhoibriú leis na luchtanna leasa uile chun Baile Átha Cliath 8 a bhunú mar mhúnla d'athbheochan uirbeach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de.

5.1 Ár straitéis inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm.

5.2 Tacú lenár mballchuideachtaí agus iad ag cur feabhais ar a n-inbhuanaitheacht.

5.3 Oibriú leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún agus le CCBhÁC chun an sprioc a chur chun cinn maidir le ceathrú uirbeach eiseamláireach a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath 8 a fhreagraíonn do dhúshláin an athraithe aeráide.

4









# ACMHAINNÍ

Maoinítear an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach tríd an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt chomh maith le hioncam tráchtála óna phunann réadmhaoine agus ó ghníomhaíochtaí gaolmhara. Braitheann cur i gcrích rathúil an Phlean Straitéisigh 2026-2028 agus na haschuir agus na torthaí gaolmhara ar acmhainní daonna agus airgeadais leordhóthanacha. Tá an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach tiomanta a hacmhainní a úsáid go héifeachtúil, éifeachtach, i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

# INBHUANAITHEACHT

Tá an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach tiomanta dá hoibleagáidí maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide a chomhlíonadh faoi phleananna Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí reatha agus amach anseo.

Táimid tar éis ár dTreochlár Gníomhaíochta Aeráide a chomhaontú agus a fhoilsiú. Is ann a shonraítear na céimeanna atá á ndéanamh againn chun ár bhfoirgnimh a uasghrádú, chun sruthlíniú a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibrímid, chun oiliúint a chur ar ár bhfoirne agus chun comhoibriú le comhpháirtithe, d'fhonn bogadh i dtreo todhchaí níos glaise, ísealcharbóin agus chun ár spriocanna maidir le héifeachtúlacht carbóin agus fuinnimh do 2030 a bhaint amach. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an bplean seo le linn na tréimhse straitéise 2026-2028.

De réir an phlean seo, comhoibreoimid leis na luchtanna leasa uile chun iarracht a dhéanamh Baile Átha Cliath 8 a bhunú mar mhúnla d’athbheochan uirbeach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de.



# DUALGAS SAN EARNÁIL PHOIBLÍ

Faoi Alt 42 d'Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, tá dualgas ar an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach aird a thabhairt ar an ngá atá le hidirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna a foirne, a cliant agus an phobail i gcoitinne a chosaint agus í ag comhlíonadh a cuid feidhmeanna.

Tar éis measúnú struchtúrtha ar ár n-oibleagáidí a dhéanamh cheap an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach Oifigeach Éagsúlachta, Comhionannais agus Cuimsithe (DEI) atá freagrach as comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ár ndualgais san earnáil phoiblí agus DEI a chur chun cinn ar fud na heagraíochta. Ullmhófar Plean Gníomhaíochta DEI gach bliain, ina leagfar amach gníomhartha nithiúla agus tuairisceofar dul chun cinn trí Thuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta. Foilseofar an plean gníomhaíochta seo ar ár suíomh Gréasáin mar aguisín lenár mBeartas DEI.

Leanfaidh an Ghníomhaireacht de ghné maidir le cearta an duine agus comhionannas a chur san áireamh ina cuid cinnteoireachta . Áirítear leis seo i dtaobh bainistíocht agus aistriú a cuid sócmhainní agus feidhmeanna amach anseo, agus déanfaidh sí athbhreithniú ar a measúnú agus ar a gníomhartha agus tabharfaidh sí cothrom le dáta iad go tréimhsiúil chun forbairtí eagraíochtúla agus beartais a léiriú.

# CUR I BHFEIDHM AGUS MONATÓIREACHT

Déanfaidh Bord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach monatóireacht agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh seo.

Ina theannta sin, tá comhaontú maidir le comhlíonadh feidhmíochta i bhfeidhm idir an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt lena n-áirítear próisis chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht.

Beidh na cuspóirí atá leagtha amach sa phlean seo mar bhonn eolais ag pleananna gnó bliantúla. Trínár bpleananna gnó bliantúla a chur i gcrích thar shaolré an Phlean Straitéisigh seo féachaimid le chinntiú go mbainfear ár gcuspóirí straitéiseacha amach.





www.thedigitalhub.com
info@thedigitalhub.com

THE DIGITAL HUB

An Roinn Cultúir,
Cumarsáide agus Spóirt
Department of Culture,
Communications and Sport

